Ombudsman Eorpach

# Prionsabail na seirbhíse poiblí

## do státseirbhís an AE

2012

GA

# Réamhrá

Na cúig prionsabail do státseirbhísigh

1. Gealltanas don Aontas Eorpach agus dá shaoránaigh
2. Sláine
3. Oibiachtúlacht
4. Meas ar dhaoine eile
5. Follasacht

I mo thuairim féin, mar Ombudsman Eorpach, creideann saoránaigh agus státseirbhísigh araon gur cheart go mbeadh na cúig phrionsabal seo mar threoir do státseirbhís an Aontais Eorpaigh. Tugtar léiriú breise ar na prionsabail ar leathanach 5 anseo thíos.

Trí na prionsabail a choinneáil in aigne is féidir cabhrú le státseirbhísigh rialacha a thuiscint agus a chur i bhfeidhm i gceart, agus iad a threorú chun cinneadh ceart a dhéanamh i gcúinsí breithiúnais.

Ní prionsabail nua iad. Go contrártha, léiríonn siad ionchais eiseacha na saoránach agus na státseirbhíseach. Lena chois sin, tá siad cuimsithe cheana féin, go sainráite agus go hinchiallaithe araon, sna Rialacháin Foirne agus i ndoiciméid, amhail an Rialachán Airgeadais, agus an Cód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin.

An breisluach atá leis an doiciméad seo ná go leagtar amach na prionsabail ar bhealach simplí agus gearr, tar éis tréimhse fhairsing machnaimh agus comhairliúcháin. Ullmhaíodh an chéad dréacht le linn 2010, tar éis comhairliúcháin le hombudsmana náisiúnta de chuid Líonra Eorpach na nOmbudsman. Ina dhiaidh sin, bhí comhairliúchán poiblí, a bhí ar siúl ó Fheabhra go dtí Meitheamh 2011. Tá na doiciméid ábhartha ar fáil ar mo láithreán gréasáin (www.ombudsman.europa.eu), lena n-áirítear tuarascáil ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na hinstitiúidí, eagraíochtaí agus daoine aonair go léir a

thug freagra ar na comhairliúcháin. Rinne a n-ionchur siúd an-difríocht d'fhoclaíocht dheiridh na bprionsabal.

Is éard atá sna prionsabail ná scagadh ardleibhéil ar na caighdeáin eiticiúla do státseirbhísigh an AE. Ar shlí, is comhábhar ríthábhachtach iad den chultúr seirbhíse a chloíonn riarachán poiblí an AE leis. Ceann de na slite atá ann le go mbeadh prionsabail dá leithéid oibríochtúil i gcúinsí nithiúla ná trí mheán rialacha mionsonraithe. Tá rialacha dá leithéid ann, mar shampla, i gcás coimhlintí leasa a chosc agus a rialú. Mar a léirigh roinnt rannpháirtithe de chuid an chomhairliúcháin phoiblí, d'fhéadfadh a bheith gá le breis rialacha agus le rialacha níos fearr. Níl prionsabail na seirbhíse poiblí ceaptha le teacht in ionad rialacha dá leithéid. Ag an am céanna, tá trí chúis ann nach mbaineann rialacha dá leithéid, beag beann ar cé chomh cúramach a ndréachtaítear iad, ón ngá atá ann díriú phrionsabail eiticiúla ardleibhéal.

Ar an gcéad dul síos, is é is dóichí go mbeidh dréachtú rialacha mionsonraithe, cibé acu rialacha reachtaíochta nó riaracháin, níos fearr má choimeádtar na prionsabail ardleibhéil in aigne mar phointe tagartha.

Ar an dara dul síos, ní thugann na rialacha féin léirmhíniú ina leith nó ní chuirtear iad féin chun feidhme. Le go mbainfí an bhrí cheart astu i gcúinsí nithiúla is minic a bhíonn gá le breithiúnas a dhéanamh orthu.

Ar an tríú dul síos, ní féidir rialacha a fhrámú a chuimsíonn gach ní. Féach, mar shampla, an tríú agus an ceathrú mír i bprionsabal 1:

*Ba chóir do státseirbhísigh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go barr a gcumais agus iarracht a dhéanamh na caighdeáin phroifisiúnta is airde a bhaint amach i gcónaí.*

*Ba chóir dóibh ceann a thógáil dá stádas muiníne poiblí agus dea-shampla a léiriú do dhaoine eile.*

Is deacair a shamhlú go mbeadh rialacha mionsonraithe ag clúdach gach gníomh nó gach gníomh féideartha a

d'fhéadfadh na míreanna seo a bheith ábhartha ina leith, go háirithe toisc go nglactar leis, ní hamháin gur chóir do státseirbhísigh gníomhú mar is cuí i gcúinsí ar leith, ach gur chóir dóibh a bheith *réamhghníomhach* freisin.

Féach sampla eile; sonraítear i bprionsabal 3, i measc rudaí eile, nár cheart do státseirbhísigh idirdhealú. De réir cásdlí socraithe, tá dhá ghné le neamh-idirdhealú: (i) ní mór nach gcaithfí ar bhealach difriúil le cásanna inchomparáide agus (ii) ní mór nach gcaithfí ar an mbealach céanna le cásanna difriúla, ach amháin, i gceachtar cás, go bhfuil bunús oibiachtúil lena leithéid de chaitheamh. Ní chiallaíonn idirdhealú a sheachaint, dá bhrí sin, go gcaithfí le gach duine sa tslí chéanna beag beann ar na difríochtaí lena gcúinsí ar leith. Go contrártha, is gá breithiúnas a thabhairt le go ndéanfaí na difríochtaí ábhartha a aithint ó dhifríochtaí neamhábhartha.

Sula gcuirfear clabhsúr leis an réamhrá seo, tá sé tábhachtach scóip feidhme na bprionsabal a shoiléiriú. Is téarma áisiúil agus gearr é "státseirbhíseach" ar an sonrú atá sna Rialacháin Foirne[1] ar "oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh". Lena chois sin bunaíonn na Rialacháin Foirne catagóir chomhairleoirí speisialta[2], ar státseirbhísigh iad freisin chun na críche sin.

Tá iarracht déanta agam na prionsabail a mhíniú ar shlí atá ábhartha do státseirbhísigh uile, ní hamháin dóibh sin a bhfuil freagrachtaí bainistíochta nó ceannaireachta acu. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a shonrú nach "oifigigh nó

1 Go foirmiúil, *Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh*.

2 "Duine atá rannpháirteach, de thoradh na gcáilíochtaí speisialta atá aige/aici agus in ainneoin fostaíocht bhrabúsach in acmhainn eile, chun cúnamh a thabhairt do cheann d'institiúidí an Aontais cibé acu go rialta nó le haghaidh tréimhse sonrach agus duine a íoctar ón leithghabháil iomlán chun na críche sin faoin chuid den bhuiséad a bhaineann leis an institiúid go bhfuil sé/sí ag obair di." *[A person who, by reason of his special qualifications and notwithstanding gainful employment in some other capacity, is engaged to assist one of the institutions of the European Union either regularly or for a specified period and who is paid from the total appropriations for the purpose under the section of the budget relating to the institution which he serves]* (Airteagal 5 de chuid *Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile [Conditions of Employment of Other Servants]).*

seirbhísigh eile" laistigh de bhrí na Rialachán Foirne iad Comhaltaí na nInstitiúidí, amhail Comhaltaí an Choimisiúin, na Cúirte Iniúchóirí agus Pharlaimint na hEorpa, agus Breithiúna na Cúirte Breithiúnais. Níl feidhm ag na Rialacháin Foirne ina leith siúd ach oiread. Dá bhrí sin, ní "státseirbhísigh" iad chun críocha prionsabail na seirbhíse poiblí. Dá ainneoin sin, d'fhéadfadh go mbeadh na prionsabail ábhartha do dhaoine dá leithéid, mar fhoinse inspioráide maidir lena gcuid freagrachtaí speisialta.

Táim tar éis staonadh ó aon ghnéithe a bhaineann, dar liom, den chuid is mó le freagrachtaí institiúidí, seachas státseirbhísigh indibhidiúla, a chuimsiú sna prionsabail. Nuair is cuí, mar sin féin, tagróidh mé do na prionsabail le linn m'iniúchtaí sa todhchaí i ndáil le drochriarachán féideartha i ngníomhaíochtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an AE.

Creidim go láidir gur féidir le follasacht phrionsabail na seirbhíse poiblí cabhrú chun comhphlé leanúnach, cuiditheach a ghiniúint agus a dhíriú i measc státseirbhíseach, agus idir státseirbhísigh agus an pobal. Is láidreacht shuntasach de chuid an Aontais Eorpaigh í éagsúlacht chultúrtha, a chuirtear in iúl sa mhana "aontacht san éagsúlacht". Ciallaíonn sé freisin go bhfuil comhphlé dá leithéid ríthábhachtach, mar shlí chun comhthuiscint ar luachanna eiticiúla na seirbhíse poiblí a chomhdhlúthú agus a dhaingniú i measc státseirbhíseach agus saoránach le cúlraí cultúrtha éagsúla.

# Prionsabail na seirbhíse poiblí ar státseirbhísigh an AE a threorú

## 1. Gealltanas don Aontas Eorpach agus dá shaoránaigh

Ba chóir go mbeadh tuiscint ag státseirbhísigh go bhfuil institiúidí an Aontais ann d'fhonn freastal ar leasanna an Aontais agus a shaoránach maidir le hoibleagáidí na gConarthaí a chomhlíonadh.

Ba chóir dóibh moltaí agus cinntí a dhéanamh chun freastal ar na leasanna sin amháin.

Ba chóir do státseirbhísigh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go barr a gcumais agus iarracht a dhéanamh na caighdeáin phroifisiúnta is airde a bhaint amach i gcónaí.

Ba chóir dóibh ceann a thógáil dá stádas muiníne poiblí agus dea-shampla a léiriú do dhaoine eile.

## 2. Sláine

Ba chóir go mbeadh státseirbhísigh á dtreorú ag braistint chuibhis agus iad féin a iompar i gcónaí ar bhealach a sháródh an scrúdú poiblí is dlúithe. Ní dhéantar an oibleagáid seo trí fheidhmiú laistigh den dlí amháin.

Níor chóir do státseirbhísigh iad féin a chur faoi aon ghealltanas airgeadais nó eile a d'fhéadfadh tionchar bheith aige ar fheidhmíocht a gcuid dualgas, lena n-áirítear trí bhronntanais a ghlacadh. Ní mór dóibh aon leasanna príobháideacha a bhaineann lena bhfeidhmíochtaí a chur in iúl láithreach bonn.

Ní mór do státseirbhísigh gníomhartha a ghlacadh de láimh chun coimhlintí leasa agus cuma na gcoimhlintí dá leithéid a sheachaint. Ba chóir dóibh gníomhú go tapa

chun aon choimhlint a thagann chun cinn a réiteach. Leanann an dualgas seo ar aghaidh i ndiaidh dóibh éirí as.

## 3. Oibiachtúlacht

Ba chóir go mbeadh státseirbhísigh neamhchlaonta, le hintinn oscailte acu, treoraithe ag fianaise, agus sásta glacadh le dearcthaí éagsúla. Ba chóir dóibh a bheith réidh chun botúin a aithint agus a cheartú.

Maidir le nósanna imeachta a bhaineann le measúnuithe comparáideacha, ba chóir do státseirbhísigh moltaí agus cinntí a bhunú ar fhiúntas agus ar aon fhachtóirí eile atá forordaithe go sainráite ag an dlí.

Níor chóir do státseirbhísigh idirdhealú a dhéanamh nó níor chóir go mbeadh tionchar ar iompar gairmiúil státseirbhíseach, ag brath ar cé acu an maith leo nó nach maith leo duine áirithe.

## 4. Meas ar dhaoine eile

Ba chóir go mbeadh meas ag státseirbhísigh ar a chéile agus ar shaoránaigh. Ba chóir dóibh a bheith dea-bhéasach, cabhrach, tráthúil agus comhoibríoch.

Ba chóir dóibh iarrachtaí dáiríre a dhéanamh an méid atá á rá ag daoine eile a thuiscint agus iad féin a chur in iúl go soiléir, trí theanga shimplí a úsáid.

## 5. Follasacht

Ba chóir go mbeadh státseirbhísigh toilteanach a gcuid gníomhaíochtaí a mhíniú agus cúiseanna a thabhairt lena gcuid gníomhaíochtaí.

Ba chóir dóibh taifid chuí a choimeád agus fáiltiú roimh scrúdú poiblí ar a gcuid iompair, lena n-airítear a ngéilliúlacht do na prionsabail seirbhíse poiblí seo.

**Ombudsman Eorpach**

1 avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
F - 67001 Strasbourg Cedex

T. + 33 (0)3 88 17 23 13
F. + 33 (0)3 88 17 90 62
www.ombudsman.europa.eu
eo@ombudsman.europa.eu

© An tAontas Eorpach, 2012
Údaraítear atáirgeadh chun críocha
oideachais agus neamhthráchtála,
ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinse.